



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2011

## STAIR – GNÁTHLEIBHÉAL

RÉIMSE STAIDÉIR: AN LUATH -AOIS, 1492 - 1815

Scrúdú scríofa: 400 marc

Tuairisc ar an Staidéar Taighde, a seoladh isteach roimh ré: 100 marc

**DÉ CÉADAOIN 15 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 – 4.50**

### *Treoracha d'Iarrthóirí*

Freagair na Ranna 1, 2 agus 3 laistigh.

- **Roinn 1 (100 marc)**

Ceist dhoiciméad-bhunaithe (Éire: Topaic 1)

Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 (100 marc)**

Éire: Na topaicí 2, 3, 4, 5, 6.

Freagair na ceisteanna ar thopaic amháin as an roinn seo.

- **Roinn 3 (200 marc)**

An Eoraip agus an domhan mór: Na topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6.

Freagair na ceisteanna ar dhá thopaic as an roinn seo.

## ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE

*Éire: Topaic 1*

### Leasú agus Reifirméisean in Éirinn na dTúdarach, 1494-1558

Cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid:

#### *Scoileanna na mBard*

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna thíos.

1.
  - (a) Dar le doiciméad A, cad iad an dá ábhar a raibh Muiris Ó Maolchonaire ina mháistir orthu?
  - (b) Ó dhoiciméad A, an raibh Muiris Ó Maolchonaire ina fhear saibhir nó ina fhear bocht?
  - (c) Dar le doiciméad B, cén fáth a raibh faitíos ar dhaoine filí a mhaslú?
  - (d) I ndoiciméad B, cad a bhí le rá ag Spenser faoi fhilíocht na mbard a bhí go maith?
  - (e) I ndoiciméad B, cén cáineadh a rinne Spenser ar na baird?

(40)
2.
  - (a) Déan comparáid idir ról an fhile mar atá sé leagtha amach i ndoiciméad A agus a ról mar atá sé leagtha amach i ndoiciméad B. Déan tagairt don dá dhoiciméad i do fhreagra.
  - (b) Cé acu doiciméad, A nó B, is báúla leis na baird Éireannacha? Mínigh do fhreagra.

(20)
3.
  - (a) An gceapann tú go bhfuil doiciméad A oibiachtúil mar fhoinsé ? Tabhair fáth le do fhreagra.
  - (b) Cén fhianaise i ndoiciméad B a thaispeánann go raibh Spenser fiosrach faoi na baird Éireannacha agus faoina gcuid filíochta?

(20)
4. Cén fáth a raibh scoileanna na mbard tábhachtach in Éirinn na nGael? 

(20)

## - Doiciméad A -

**Sliocht leasaithe agus aistrithe is ea an doiciméad seo ó Annála na gCeithre Máistrí. Is fógra báis comhaimseartha atá ann a ndearna na Ceithre Máistrí é a athscríobh agus a chaomhnú ina leabhar annála.**

Bhí Muiris, mac Pháidín Uí Mhaolchonaire, ina mháistir staire agus filíochta. Fear saibhir rachmasach a bhí ann freisin. Scríobhaí mór le rá a bhí ann a scríobh mórán leabhar. Chum sé mórán dánta agus laoihte.

Bhí scoileanna aige do mhic léinn a bhí i mbun staidéir agus foghlama. Ba ghnáth leis i gcónaí mórán mac léinn a choinneáil ina theach féin. Bhásaigh sé sa bhliain 1543 tar éis dó an bua a fháil ar an Diabhal agus ar an saol.

Foinse: *Annála na gCeithre Máistrí*, 1543.

## - Doiciméad B -

**Bhí Edmund Spenser, file Sasanach agus coilíneach ina chónaí in Éirinn. Sliocht leasaithe is ea é seo óna phaimfléad *A View of the Present State of Ireland*, a dhéanann cur síos ar Éirinn sa séú haois déag.**

Tá baird i measc na nGael agus is iad sin na filí atá acu. Tá sé mar ghairm acu fir a mholadh nó a cháineadh ina gcuid dánta. Tá siad chomh mór sin faoi mheas nach bhfuil sé de dhánacht i nduine ar bith múisiam a chur orthu ar fhaitíos go ndéanfaí ceap magaidh den duine sin os comhair an phobail. Glactar go fonnmhar lena gcuid véarsaí agus go hiondúil cantar iad ag gach féasta agus ag gach cruinniú.

Is annamh a scríobhann na baird Éireannacha seo faoi ghníomhartha dea-dhaoine ina gcuid dánta. Ina ionad sin, tugann siad glóir dóibh siúd is contúirtí maidir le heasumhlaíocht agus le ceannairc ina gcuid rann.

Chuir mé faoi deara mórán dá gcuid dánta a aistriú dom chun go dtuigfinn iad. Léiríodh greann agus cruthaíocht mhaith iontu ach níor léiríodh scil in ornáideachas na filíochta.

Is mór an trua go bhfuil mí-úsáid á baint as filíocht chun urraim a thabhairt don olc. Dá bhrí sin, is gá an drochnós seo a leasú.

Foinse: Edmund Spenser, *A View of the present State of Ireland*.

## ROINN 2: ÉIRE

Freagair na trí rannóg, A, B agus C, as ceann amháin de na topaicí thíos.

*Éire: Topaic 2*

**Éirí amach agus concas in Éirinn i réimeas Eilíse, 1558 - 1603**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Tógadh an sliocht leasaithe seo as cuntas a scríobh Richard Stanihurst faoi Bhaile Átha Cliath. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Níl Baile Átha Cliath chun deiridh ar aon chathair eile in Éirinn. Maidir le láthair dheas, foirgnimh áille, daonra ard, umhlaíocht agus dílseacht, tá sé chun tosaigh ar gach cathair agus gach baile eile sa ríocht sin.*

*Ó am go ham tá an méid sin dochair déanta ag na cathróirí do na Gaeil i dtroideanna éagsúla go bhfuil faitíos ar na Gaeil, fiú go dtí an lá atá inniu ann, roimh an meirge dubh gioblach a ardaíonn siad nuair a bhíonn siad ullamh chun catha. Imeaglaíonn an radharc seo na Gaeil go mór.*

*Chun oiliúint níos fearr a chur ar fáil dá ndaoine óga i ngníomhaíochtaí míleata: is nós leis na cathróirí trúpaí a ghairm nó a ghlaoch le chéile suas le ceithre huair sa bhliain: ar an Luan Dubh, an lá tar éis Domhnach Cásca, ar Lá Bealtaine [1 Bealtaine], Oíche Fhéile Eoin Baiste [24 Meitheamh] agus Oíche Fhéile Peadair [28 Meitheamh].*

1. Dar le Stanihurst, conas atá Baile Átha Cliath chun tosaigh ar gach cathair eile in Éirinn?
2. Cathain a chuireann cathróirí Bhaile Átha Cliath meirge dubh gioblach ar foluain?
3. Dar le Stanihurst, cén fáth a mbíonn faitíos ar na Gaeil roimh an meirge gioblach dubh?
4. Conas a chuireann cathróirí Bhaile Átha Cliath oiliúint ar a gcuid daoine óga i ngníomhaíochtaí míleata?
5. Cé chomh mór agus a bhí an Pháil, timpeall?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Sir John Perrot.
2. Polasaí na hImshocraíochta.
3. Tadhg Dall Ó hUiginn.
4. Ceist na hOllscoile.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad a bhí James Fitzmaurice Fitzgerald ag iarraidh a bhaint amach agus cén fáth nár éirigh leis a chuid cuspóirí a bhaint amach?
2. Cén fáth a ndeachaigh Gráinne Uí Mháille go dtí Cúirt Ríoga Shasana agus cén toradh a bhí ar a cuairt?
3. Conas a d'éirigh le hAodh Ó Néill a bheith ina cheannaire cumhachtach i dtiarnas Thír Eoghain?
4. Conas a bhí gairm chléireachais Meiler Magrath mar scáil ar chreideamh agus ar pholaitíocht in Éirinn i réimeas Eilíse?

**An ríocht agus an choilíneacht: An streachailt don lámh uachtar in Éirinn, 1603 – 1660**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sliocht leasaithe is ea é seo as cuntas ón staraí, Anthony Wood i 1663. Bhí a dheartháir in arm Chromail in Éirinn. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*I 1650 ba mhinic a bhíodh sé lena mháthair agus lena dheartháireacha agus d'inis sé dóibh faoi ionsaí agus tuargaint uafásach Dhroichead Átha a raibh sé páirteach ann. Dúirt sé leo gur cuireadh ar a laghad 3000 duine chun báis, taobh amuigh de mhná agus páistí, agus ina dhiaidh sin cuireadh an baile ar fad chun báis ar an 11 agus 12 Meán Fómhair 1649.*

*Buaileadh an inchinn as Sir Arthur Aston, gobharnóir Dhroichead Átha agus sceanadh a chorp ina phíosáí.*

*Dúirt sé leo gur úsáid siad páiste an duine mar sciath chun nach lámhachfaí iad nuair a chuaigh siad chuig na lochtaí agus na háiléir agus tír an tséipéil mar a raibh daoine ar a gcoimeád. Nuair a bhí gach a raibh sa séipéal maraithe acu, chuaigh siad síos chuig na luscaí faoin séipéal áit a raibh mná i bhfolach.*

1. Cé a d'inis an scéal faoi ionsaí Chromail ar Dhroichead Átha don údar?
2. Cé a bhí ina gobharnóir ar Dhroichead Átha agus cad a tharla dó?
3. Cá ndeachaigh mórán de mhuintir Dhroichead Átha chun iarracht a dhéanamh iad féin a shábháil ó na trúpaí?
4. Cad a tharla do na daoine sa séipéal?
5. Cén fáth ar tháinig Cromail go hÉirinn lena arm?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Sir Arthur Chichester.
2. Éirí amach 1641.
3. Plandáil Chromail.
4. Luke Wadding.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Conas a d'athraigh imirce Albanach an saol agus an tsochaí in Ulaidh?
2. Cén fáth ar cuireadh Strafford ar a thriail agus cén toradh a bhí ar an triail?
3. Cad iad na fáthanna a bhí le Coláiste Gaelach a bhunú i Lováin?
4. Conas a bhí rath ar Eoghan Rua Ó Néill in Éirinn agus conas a theip air?

*Éire: Topaic 4*  
**Cinsealacht choilíneachta á bunú, 1660 – 1715**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sliocht leasaithe is ea é seo as na hairteagail mhíleata a aontaíodh idir ardcheannasaithe na n-arm Éireannach agus Sasanach, 19 Deireadh Fómhair 1691. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Go mbeidh saorchead ag gach aon duine, gan eisceacht, atá sásta ríocht na hÉireann a fhágáil dul chuig aon tír thar sáile ar mian leo (seachas Sasana agus Albain) lena dteaghlaigh, lena gcuid earraí tí, a bpláta agus a gcuid seod.*

*Go mbeidh saorchead acu seo a leanas dul ar bord ag pé áit a bhfuil na longa atá ceaptha chun iad a thabhairt chun bealaigh; ginearáloifigigh, coirnéil agus oifigigh mharcshlua eile, dragúin agus saighdiúirí den uile chineál atá in aon gharastún, áit nó stáisiún, atá anois i seilbh na nÉireannach nó atá i gcampaí i gcontaetha Chorcaí, an Chláir agus Chiarraí, chomh maith leo siúd ar a dtugtar ropairí, nó saorálaithe atá sásta dul thar sáile.*

*Is féidir leo teacht ina shluaite mar atá siad faoi láthair, nó ina mbuíonta, ina gcomplachtaí nó eile gan aon bhac, go díreach nó go hindíreach.*

1. Cad iad na tíortha nach bhfuil cead acu siúd a throid i gcoinne arm na Sasanach dul chucu?
2. Ar cuireadh gach saighdiúir san áireamh sa chomhaontú seo? Mínigh do fhreagra.
3. An raibh cead ag saighdiúirí a dteaghlaigh agus a gcuid áirgí a thabhairt leo thar lear? Mínigh do fhreagra.
4. Ar cuireadh saighdiúirí i limistéir nach raibh buaite fós orthu san áireamh sna téarmaí? Mínigh do fhreagra.
5. Cad iad na dlíthe a ritheadh i gcoinne na gCaitliceach in Éirinn go gairid i ndiaidh na heachtra seo?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. An tAcht Comhéigin agus an tAcht Loingseoireachta.
2. Iarla Thír Chonaill mar leasrí.
3. Na filí Seacaibíteacha.
4. Samuel Louis Crommelin.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na príomhghnéithe a bhain leis an saol i mBaile Átha Cliath tar éis Athghairm na Monarcachta?
2. Cad iad na cinntí ar thángthas orthu ag Parlaimint 1689?
3. Cé chomh héifeachtach agus a bhí Pádraig Sáirséal mar cheannasaí míleata?
4. Cén tábhacht a bhain le saol agus le gairm Oilibhéar Pluincéid?

*Éire: Topaic 5*

**An choilíneacht in aghaidh na ríochta – teannais in Éirinn i lár an ochtú haois déag, 1715 – 1770**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Idir mí na Nollag 1739 agus mí Mheán Fómhair 1741 d'fhulaing Éire mion-oighearaois. Reoigh prátaí sa talamh agus rinneadh práib díobh. Léigh na sleachta leasaithe seo a leanas ó chomhfhreagras Richard Purcell, Ceann Toirc, Contae Chorcaí agus freagair na ceisteanna ina ndiaidh.

Eanáir 1740:

*Tá na prátaí a bhí le hithe ar fad scriosta agus ceapann mórán daoine go leanfaidh gorta i measc na mbochtán dá bharr seo. Má tá na prátaí beaga is doimhne sa talamh chomh scriosta sin nach féidir iad a úsáid mar phrátaí síl, caithfidh sé go mbeidh drochghorta ann i 1741.*

Feabhra 1740:

*Tá na prátaí scriosta ach amháin roinnt a bhí faoi dhíon, nó roinnt i ngoirt dhoimhne ina raibh smúdar móna, áit a bhfuil dóthain síl le cur sa talamh céanna slán, b'fhéidir.*

Nollaig 1740:

*Bhí drochshamhradh agus drochfhómhar againn le tinneas sa ríocht seo, agus bhásaigh a lán daoine dá bharr, go háirithe na bochtáin, scuab an bholgach agus an fiabhras mórán chun bealaigh sna séasúir sin agus anois tá an dhinnireacht ag réabadh go fíochmhar trí gach páirt den tír, ag fágáil an-chuid sinnte marbh ina diaidh. .*

1. Cad a tharla d'fhormhór na bprátaí i 1740?
2. Dar le Purcell, cad a bheadh mar chúis le gorta i 1741?
3. Cé is mó a d'fhulaingeodh ón ngorta seo?
4. Dar le Purcell, cár coinníodh prátaí faoi dhíon de ghnáth?
5. Seachas gorta agus galar, cén fhadhb a chruthaigh neamhshocracht faoin tuath in Éirinn?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Iarmhairtí polaitiúla an Chogaidh Seacht mBliana in Éirinn.
2. Tiarnaí talún neamhchónaitheacha.
3. Teacht chun cinn drámaíocht Bhaile Átha Cliath.
4. Modh-shráidbhailte agus bailte móra pleanáilte.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na hábhair inní a léirigh Dean Swift ina chuid paimfléad?
2. Cérbh iad na Buachaillí Bána, cá raibh siad gníomhach agus céard, más dada é, a bhain siad amach?
3. Cén fáth a raibh na Ponsonbys tábhachtach i sochaí na hÉireann?
4. Conas a bhí triail an Athar Uí Shíthigh mar scáil ar chúrsaí creidimh na tréimhse 1715-1770?

*Éire: Topaic 6*  
**Deireadh na ríochta Éireannaí agus bunú an Aontais, 1770-1815**

A (30 marc)  
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sliocht leasaithe is ea é seo as óráid a thug Henry Grattan i bParlaimint na hÉireann (Parlaimint Grattan) in 1780. Léigh é agus freagair na ceistanna ina dhiaidh.

Henry Grattan, a labhairt i bParlaimint na hÉireann i bhfabhar a rúin:

*Gur náisiún neamhspleách iad muintir na hÉireann ó cheart agus nár chóir dóibh a bheith faoi chuing ach amháin ag dlíthe a rinne an Rí, Tiarnaí agus Comóntaigh na hÉireann.*

*A dhuine uasail, tá iarrtha agam oraibh a bheith i láthair anseo inniu sa chaoi go bhféadfadh sibh, ar bhealach an-phoiblí, diúltú don éileamh a dhéanann Parlaimint na Breataine dlíthe a dhéanamh d'Éirinn agus d'aon ghuth bhur lámha a ardú ina choinne.*

*Dá mbeinn beo nuair a chuir an 9<sup>ú</sup> de Liam deireadh le tionscal na holla, nó nuair a d'fhógair an 6<sup>ú</sup> de chuid Sheoirse i an tír seo a bheith spleách, agus faoi cheangal ag dlíthe a rithfí i bParlaimint Shasana, ghlacfaínn móid de réir mo choinsiasa an chéad deis a ghlacadh chun mo thír a tharrtháil ón náire shaolta a thagann ó na gníomhartha cumhachta seo.*

1. Cén áit agus cathain a thug Henry Grattan a óráid?
2. Dar le Henry Grattan, cé hiad ar chóir dóibh dlíthe a dhéanamh d'Éirinn?
3. Cén Parlaimint a mhaigh go raibh sé de cheart aici dlíthe a dhéanamh d'Éirinn?
4. Cén dlí a thug Éire faoi smacht Parlaimint Shasana?
5. Cad a tharla do Parlaimint na hÉireann (Parlaimint Grattan) in 1800?

B (30 marc)  
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Faoiseamh do Chaitlicigh: sóisialta agus reiligiúnach, 1771-1782.
2. Coláiste Mhaigh Nuad.
3. Bunú an Oird Oráistigh.
4. Mary Ann McCracken nó Nano Nagle.

C (40 marc)  
*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na cúiseanna agus na hiarmhairtí a bhain le hÉirí Amach Loch Garman, 1798?
2. Conas a tharla sé go ndearnadh cathair mhór thionsclaíoch de Bhéal Feirste?
3. Conas a d'athraigh na hailtirí nua Seoirseacha go suntasach cruth chathair Bhaile Átha Cliath?
4. Conas a d'imir John Fitzgibbon agus/nó Tiarna an Chaisleáin Riabhaigh tionchar ar chúrsaí in Éirinn?

**ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR**  
**Freagair na trí rannóg, A, B agus C, as dhá cheann de na topaicí thíos**

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*  
**An Eoraip ón Athbheochan go dtí an Reifirméisean, 1492-1567**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Is sliocht é seo as an dialann a scríobh Christopher Columbus ar a chéad turas farraige chuig an Domhan Nua i 1492. Scríobhann sé faoi féin sa tríú pearsa. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Déardaoin, 11 Deireadh Fómhair. Sheol sé siar, siar ó dheas. Bhuaíl farraigi níos airde leo ná mar a bhuaíl leo roimhe sin ar an turas. Chonaic siad peadairíní na stoirme agus giolcach ghlas in aice leis an long. Chonaic na fir ón Pinta cána agus maide agus phioc siad suas maide beag eile, múnlaíthe de réir cosúlachta, ag uirlis iarainn; chomh maith leis sin, píosa cána, roinnt féar talún agus clár beag.*

*Chonaic siad siúd a bhí ar an gcarbhal Nina comharthaí eile talún agus maide a bhí clúdaithe le giúrainn. Nuair a chonaic siad na comharthaí seo, tháinig an anáil ar ais chucu go léir arís agus bhí ríméad orthu. Chuir siad 27 léig díobh roimh luí na gréine agus tar éis luí na gréine lean sé leis siar, an cúrsa céanna a raibh sé air ó thús.*

*Fuair an carbhal Pinta, a bhí níos tapúla agus a bhí chun tosaigh ar an aimiréal, amharc ar thalamh tirim anois agus thug sí na comharthaí faoi mar a bhí ordaithe ag an aimiréal. Mairnéalach darbh ainm Roderigo as Triana a fuair an chéad amharc ar an talamh. Ina dhiaidh sin d'éiligh sé an duais ach ní bhfuair sé í.*

1. Cad a chonaic mairnéalaigh ar an Nina a bhí mar chomhartha talún dóibh?
2. Cá mhéad léig a thaistil an Nina roimh luí na gréine ar an 11 Deireadh Fómhair?
3. Cén sórt long a bhí sa Nina agus sa Pinta?
4. An bhfuair an chéad mhairnéalach a fuair amharc ar an talamh an duais a bhí geallta?
5. Cén fáth a raibh an chéad turas farraige a rinne Columbus chuig an Domhan Nua tábhachtach?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Aontas Castille agus Aragon.
2. An Ghinéiv in aimsir Calvin.
3. Desiderius Erasmus.
4. Peter Breughel an Seanóir.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad a chuir Michelangelo Buonarroti le healaín na hAthbheochana?
2. Cad iad na hiarmhairtí a lean colscaradh Anraí VIII agus Chaitríona Aragon?
3. Cad iad na fadhbanna a bhí ag Séarlas V i gcaidreamh idirnáisiúnta?
4. Cé chomh maith agus a d'éirigh le Mary Tudor (1553-1558) a cuid aidhmeanna a bhaint amach?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*  
**Creideamh agus cumhacht: polaitíocht sa séú haois déag déanach, 1567-1609**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Bhí Sir John Hawkins ar dhuine de cheannasaithe an chabhlaigh a thiomáin siar Armáid na Spáinne agus is óna thuarascáil ar an 31 Iúil 1588 atá an sliocht leasaithe seo a leanas tógtha. Léigh é agus freagair na ceisteanna thíos.

*Bhuaileamar le cabhlach (na Spáinne) siar ó Plymouth, ar an Domhnach, 21 Iúil agus chuamar i mbun comhraic. Chaill long mhór de chuid na Bioscáine a crann seoil agus a crann spreoidhe. D'fhág an cabhlach i agus ghabh Sir Francis Drake í.*

*An Mháirt dár gcionn, taobh le Portland bhí troid fhíochmhar againn leo, agus d'ídiomar cuid mhór den phúdar agus den ghrán a bhí againn.*

*An Déardaoin ina dhiaidh sin, tharla troid ghéar agus ídíodh roinnt den stór púdair. Ina dhiaidh sin is beag a rinneamar nó go rabhamar i ngar do Calais, áit a raibh cabhlach na Spáinne ar ancaire. Chinn mo Thiarna Aimiréal iad a ruaigeadh le longa tine sa chaoi nach mbeadh deis acu stór uisce a thabhairt ar bord agus bualadh le harm Diúc Parma. Scaip sé ar fud na bhfarraigí iad.*

*Ar an 29 Iúil, throideamar cath fada fíochmhar leis na Spáinnigh ar feadh an lae. Ídíodh cuid mhór púdair agus gráin sa chath. Thosaigh gaoth aniar ag séideadh agus sheol na Spáinnigh ó thuaidh áit ar leanamar iad. Rinneadh dochar do na Spáinnigh sa troid. Milleadh stiúir ghaileoin mhóir agus mar sin d'fhág an cabhlach ina ndiaidh san fharraige é.*

*Níl mórán dochair déanta dár longa, buíochas le Dia agus tá siad an-láidir chun dul leo ...*

1. Cár bhuail cabhlach Shasana le cabhlach na Spáinne ar an Domhnach 21 Iúil?
2. Cá raibh cabhlach na Spáinne ar ancaire?
3. Cén gníomh a tharla ar an 29 Iúil?
4. Cén fáth a nglacann Sir John Hawkins buíochas le Dia?
5. Cén fáth ar chuir an Rí Pilib II Armáid i gcoinne na Sasanach?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. An tAimiréal Coligny.
2. An Impireacht Naofa Rómhánach faoi Rudolph II.
3. Scaipeadh an Chailvéineachais.
4. Tycho Brahe.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na cúiseanna ar tháinig meath ar rachmas agus ar thábhacht chalafort Antuairp?
2. Cé chomh tábhachtach agus a bhí Catherine de Medici mar rialtóir na Fraince?
3. Cad iad na polasaithe creidimh a chuir Eilís I i bhfeidhm ina ríocht?
4. Cad iad na cúiseanna ar chuir Ord na nÍosánach misean chuig an tSín agus cé chomh héifeachtach agus a bhí an misean sin?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*  
**Éiclips na Sean-Eorpa, 1609-1660**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sliocht leasaithe is ea é seo as cuntas Mhéara Magdeburg ar an scrios a rinne trúpaí Wallenstein ar an gcathair i mí na Bealtaine 1631, le linn an Chogaidh Tríocha Bliain. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Ghlac an namhaid seilbh ar an gcathair. Cuid den chúis a bhí leis an bhforéigean agus leis an gcruálacht a léirigh siad ba ea an ghráin a bhí acu orthu siúd a thacaigh le Faoistin Augsburg ar an lámh amháin agus ar an lámh eile fearg a bheith orthu faoi na hurchair slabhra a scaoileadh leo agus faoin maslú glórach a rinne cathróirí Magdeburg orthu ó na múrtha.*

*Tharla bualadh, loisceadh, creachadh, céasadh agus dúnmharú. Thar aon rud eile, bhí gach duine den namhaid ag iarraidh creiche. Nuair a chuaigh buíon creachadóirí isteach i dteach, dá mbeadh aon rud ag fear an tí le tabhairt dóibh b'fhéidir go bhféadfadh sé cosaint a cheannach dó féin agus dá theaghlach, go dtí go dtiocfadh an chéad fhear eile a bhí ag iarraidh rud éigin freisin. Níor thosaigh an trioblóid i ndáiríre go raibh gach rud tugtha ar lámh. Ansin, tar éis iad a bhualadh, bagairtí a dhéanamh iad a lámhach, a shá agus a chrochadh, bhí na daoine bochta chomh scanraithe sin, dá mbeadh aon rud fágtha acu go dtabharfaidís amach é.*

*Loisceadh an chathair mhór bhreá seo sa racht feirge sin, agus céasadh agus cuireadh chun báis na mílte fear, bean agus páiste.*

*Is mar sin a tharla, in aon lá amháin, gur loisceadh an chathair uasal cháiliúil seo, a raibh an tír ar fad mórtasach aisti.*

1. Cad iad na cúiseanna ar chaith trúpaí Wallenstein le cathróirí Magdeburg le “foréigean agus cruálacht”?
2. Cad a bhí á lorg, thar aon rud eile, ag na trúpaí a bhí ag cuardach in Magdeburg?
3. Seachas a cuid cathróirí, cad a tharla don chathair féin?
4. Conas a dhéanann Méara Magdeburg cur síos ar chathair Magdeburg?
5. Conas a tháinig an Cogadh Tríocha Bliain chun deiridh?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Peter Paul Rubens.
2. Claudio Monteverdi.
3. Impireacht Hapsburg.
4. Christina Banríon na Sualainne.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Conas a bhunaigh na Dúitsigh impireacht san Áise?
2. Conas a láidrighe Richelieu cumhacht Rí na Fraince?
3. Cad ba chúis le héirí amach na gCatalónach?
4. Cad a chuir René Descartes le stair an smaointeachais?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*  
**An Eoraip le linn ré Louis XIV, 1660-1715**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sliocht leasaithe is ea é seo as cuntas Iarla Clarendon ar Athghairm na Monarcachta, 1660. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Ar an 29 Bealtaine, ar a lá breithe, chuaigh a mhórgacht isteach go Londain. Bhí na bealaí ar fad ó Dover chuig an gcathair sin lán le daoine agus le gártha fáilte amhail is dá mbeadh an ríocht ar fad bailithe le chéile. Thart ar Greenwich agus ó thuaidh de bhuail an tArdmhéara agus na bardasaigh leis agus luchtáir as cuimse orthu. Bhí an slua chomh mór sin, gur mharcaigh an Rí i slua ón droichead go Temple Bar; complachtaí uile na cathrach ag seasamh in ord ar gach taobh agus iad ag tabhairt buíochais do Dhia as ucht go raibh a mhórgacht i láthair.*

*Agus ní túisce a tháinig sé go Whitehall, ná gur chaith dhá theach na Parlaiminte iad féin go sollúnta ag a chosa, le móideanna ceana agus dílseachta go deireadh an domhain. Go hachomair, bhí an gliondar chomh do-inste agus chomh forleathan sin go ndúirt a mhórgacht, agus é ag miongháire, le cuid de na daoine ina thimpeall go raibh sé in amhras gur air féin a bhí an locht é a bheith as láthair chomh fada sin; mar nach bhfaca sé aon duine nár fhógair gurbh é a mhian i gcónaí go dtiocfadh sé ar ais.*

1. Cá has ar thaistil an Rí go Londain agus cathain a chuaigh sé isteach sa chathair?
2. Cár bhuail an tArdmhéara agus na bardasaigh leis an Rí?
3. Cad a rinne baill na Parlaiminte nuair a tháinig an Rí?
4. Conas a chuaigh an fháilte a cuireadh roimhe i bhfeidhm ar an Rí?
5. Cén teach ríoga ar bhain an Rí leis?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Peadar Mór na Rúise.
2. Teacht chun cinn Brandenburg.
3. Le Grand Tour.
4. Baincéireacht agus forbairt an mhargaidh airgid.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cérbh iad an Streltsy agus cad a bhain siad amach?
2. Cad a chuir Isaac Newton agus/nó Gottfried Wilhelm Leibnitz leis an eolaíocht?
3. Conas a fuair Comhlacht [Sasanach] na nIndiacha Thoir seilbh ar rachmas agus cumhacht?
4. Conas a bhain Louis XIV úsáid as cúirt Versailles chun a chuid cumhachta a chur i gcion agus a mhéadú?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*  
**Impireachtaí á mbunú**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

I 1772 sheol an Captaen John Stedman le fórsa Dúitseach chun éirí amach sclábhaithe in Surinam a chur faoi chois agus d'fhág sé pictiúr gléineach againn de lá i saol úinéir plandála. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Éiríonn plandóir in Surinam amach as a leaba luascáin le héirí na gréine agus tagann sé i láthair faoi piazza a thí, áit a bhfuil a chuid caife réidh ag fanacht leis. Tá leathdhosaen de sclábhaithe breátha ag freastal air, idir fhir agus mhná. Cuireann a mhaor é féin faoina bhráid ina dhiaidh sin. Tar éis dó umhlú dó agus é cúpla slat uaidh, cuireann sé a mhórgacht ar an eolas faoi obair an lae roimhe sin, cé hiad na gormaí a rinne tréigean, a bhásaigh, a d'éirigh tinn, ar tháinig biseach orthu agus thar aon ní eile cé acu a rinne failli ina gcuid oibre, a lig tinneas orthu féin nó a bhí ar meisce nó as láthair.*

*Bíonn na príosúnaigh i láthair de ghnáth, iad faoi choinneáil ag na tiománaithe Gorma agus ar an bpointe boise déantar iad a cheangal de ghiarsaí an piazza nó de chrann gan fiú éisteacht le focal amháin cosanta ar a son agus tosaíonn an sciúrsáil ar fhir, ar mhná agus ar pháistí gan aon eisceacht.*

*Úsáidtear fuipeanna fada cnáibe, a ghearrann le gach lasc, mar uirlisí céasta ar na hócáidí seo. Idir an dá linn siúlann sé suas agus anuas lena mhaor, ag ligean air féin nach gcloiseann sé a gcuid screadaí. Nuair a bhíonn siad sách sceanta, scaoiltear iad agus ordaítear dóibh filleadh ar a gcuid oibre gan cóir leighis dá laghad a chur orthu.*

1. Cé a rinne freastal ar an úinéir plandála ina theach?
2. Conas a d'iompair an maor é féin i leith an úinéara?
3. Cad iad na dualgais a bhí ar an maor, gach maidin, ar an bplandáil?
4. Dar le Stedman, conas a caitheadh leis na sclábhaithe ar an bplandáil?
5. Cé chomh fairsing agus a bhí impireacht na nDúitseach san Áise?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Athruithe in airm Eorpacha.
2. Tógáil bóithre agus canálacha.
3. Robert Clive.
4. Marsantachas.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na haidhmeanna a bhí ag Feardorcha Mór nó Maria Theresa agus cad a d'éirigh leis/léi a thabhairt i gcrích?
2. Cad iad na cúinsí sna coilíneachtaí ar tharla an Boston Tea Party 1773, dá mbarr?
3. Conas a tháinig Caitríona Mhór i gcumhacht agus conas a rialaigh sí an Rúis?
4. Cad iad na cúinsí a bhí i réim i bPlandálacha Sclábhaithe na nIndiacha Thiar?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*  
**Impireachtaí faoi réabhlóid, 1775-1815**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sliocht leasaithe is ea é seo as litir le Thomas Jefferson, Ambasadóir na Stát Aontaithe chun na Fraince, faoi imeachtaí i bPáras ar an 14 Iúil 1789. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Ar an 14ú, cuireann siad duine dá mbaill, Monsieur de Corny, chuig an Hotel Les Invalides chun airm a iarraidh dá nGarda Náisiúnta. Lean slua mór de chóip na sráide é nó bhí siad ann roimhe. Dúirt Gobharnóir Les Invalides nach bhféadfaí airm a thabhairt ar lámh gan orduithe. Mhol De Corny ansin do na daoine cúlú siar, chúlaiigh sé féin agus ghlac na daoine seilbh ar na hairm. Ba mhór an t-iontas nár chuir na Invalides ina choinne agus nár chorraigh buíon de 5000 saighdiúir a bhí campáilte i bhfoisceacht 400 slat de.*

*Cuireadh Monsieur de Corny agus cúigear eile chun airm a iarraidh ar Monsieur de Launay, gobharnóir an Bastille. Fuair siad slua mór daoine os comhair na háite cheana féin. D'éirigh leis na toscairí a chur ina luí ar na daoine cúlú beagán, chuaigh siad féin chun tosaigh chun a n-éileamh a dhéanamh ar an ngobharnóir, agus díreach ag an bpointe mharaigh urchair ón Bastille ceathrar díobh siúd ba ghairne do na teachtaí.*

*Chúlaiigh na teachtaí, thug na daoine ruathar faoin áit agus i bhfaiteadh na súl nach mór bhí seilbh acu ar dhún an-láidir, a bhí á chosaint ag céad fear agus a sheas go rialta i gcoinne léigear in amanna eile agus nár gabhadh riamh. Ní féidir fós a fháil amach conas a d'éirigh leo dul isteach.*

1. Cén fáth a ndeachaigh ball den Gharda Náisiúnta chuig Les Invalides ar 14 Iúil?
2. Cén fáth a raibh sé suntasach go raibh an slua in ann airm a thógáil ó Les Invalides?
3. Cá mhéad duine a maraíodh ag an Bastille ar an 14 Iúil?
4. Cá mhéad fear a bhí ag cosaint an Bastille nuair a tugadh ruathar faoi?
5. Cén tábhacht a bhain le titim an Bastille?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Bunú Phoblacht Mheiriceá, 1776-1789.
2. Ludwig van Beethoven.
3. Madame de Staël.
4. Cealú thrádáil na sclábhaíochta.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén fáth ar bunaíodh Coiste na Slándála Poiblí agus cén obair a rinne sé?
2. Conas a d'fhás Manchain mar chathair mhór thionsclaíoch?
3. Cad ba chiall le Bunreacht Sibhialta na Cléire agus conas a thacaigh sé leis an réabhlóid sa Fhrainc?
4. Conas a sheas na stáit Ghearmánacha i gcoinne Napoléon?

**Leathanach Bán**

# **Leathanach Bán**